



Uimhir 46 de 2019

An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2019
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 46 de 2019

AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL (LEASÚ), 2019

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986
2. Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993
3. Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998
4. Leasú ar an Acht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair, 2012
5. Aisghairm
6. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 (Uimh. 34)

An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986 (Uimh. 9)

An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993 (Uimh. 19)

An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1995 (Uimh. 28)

An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 2009 (Uimh. 11)

An tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair, 2012 (Uimh. 31)

An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019 (Uimh. 8)



Uimhir 46 de 2019

AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL (LEASÚ), 2019

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leathnú chumhachtaí Fhiontraíocht Éireann chun deontais a thabhairt, iasachtaí a thabhairt agus scaireanna a cheannach agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara eile agus, chun na gcríoch sin agus chun críoch eile, do leasú an Achte um Fhorbairt Tionscail, 1986, an Achte um Fhorbairt Tionscail, 1993, an Achte um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, agus an Achte um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair, 2012; do dhéanamh socrú maidir le Cuid 3 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019, a aisghairm; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [22 Nollaig 2019]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986

1. (1) Leasaítear alt 29 d'Acht 1986—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a)—

(I) trí “próisis, modhanna nó táirgí tionscail nó neamhthionscail” a chur in ionad “próisis, modhanna nó táirgí tionscail”, agus

(II) trí “táirgí talmhaíochta nó gairneoireachta” a chur in ionad “táirgí talmhaíochta”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) atá urraithe go hiomlán nó go formhór ag gnóthas tionscail amháin nó níos mó sa Stát,”,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) lena ngabhann deontas taighde a íoc faoi chomhair chostais an tionscadail arna dtabhú laistigh den Stát.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Faoi réir mhír (b), i leith tionscadal ina dtabhaítear cuid de na costais cheadaithe sa Stát agus ina dtabhaítear cuid de na costais cheadaithe lasmuigh den Stát, féadfaidh Fiontraíocht Éireann ráta nó rátaí deontais a chur chun feidhme i leith na gcostas cheadaithe arna dtabhú sa Stát a bheidh éagsúil leis an ráta nó leis na rátaí i leith na gcostas cheadaithe arna dtabhú lasmuigh den Stát.

(b) Indáil le tionscadal dá dtagraítear i mír (a), ní rachaidh méid comhiomlán an deontais nó na ndeontas taighde is iníoctha i leith na gcostas cheadaithe arna dtabhú lasmuigh den Stát thar mhéid an deontais nó na ndeontas taighde is iníoctha i leith na gcostas cheadaithe arna dtabhú sa Stát.”,

(c) i bhfo-alt (4)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Faoi réir mhír (b), ní rachaidh méid deontais taighde thar €7,500,000.”,
agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Féadfaidh méid deontais taighde, le ceadú an Rialtais i gcás áirithe, dul, de cibé suim a shonróidh an Rialtas sa chás sin, thar €7,500,000.”,

agus

(d) i bhfo-alt (5), trí “i gcás gnóthais tionscail,” a chur in ionad “i gcás mionghnóthas tionscail arna sainmhíniú ag an Aire ó am go ham.”.

(2) Ní bheidh feidhm ag na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)* ach amháin sa mhéid go mbaineann siad le deontas taighde a thabharfaidh Fiontraíocht Éireann nó a bheartóidh Fiontraíocht Éireann a thabhairt agus leanfaidh alt 29 d’Acht 1986 d’fheidhm a bheith aige sa mhéid go mbaineann sé le deontas taighde a thabharfaidh an tÚdarás Forbartha Tionscail nó a bheartóidh an tÚdarás Forbartha Tionscail a thabhairt amhail is nach ndearnadh na leasuithe a dhéantar le *fo-alt(1)*.

(3) Leasaítear alt 31 d’Acht 1986 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le Fiontraíocht Éireann.”.

(4) Leasaítear alt 34 d’Acht 1986—

(a) tríd an alt sin a shainainmniú mar fho-alt (1), agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le Fiontraíocht Éireann.”.

(5) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1986” an tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986.

Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993

2. Leasaítear an tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993, i bhfo-alt (2) (a leasaíodh le halt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009) d’alt 11, trí “€14,000,000,000” a chur in ionad “€7,000,000,000”.

Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998

3. Leasaítear an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 7:

“Cumhacht na Gníomhaireachta chun iasachtaí a thabhairt do ghnóthais tionscail áirithe nó do chomhlachtaí corpraithe áirithe

7A. (1) Más rud é, i dtuairim na Gníomhaireachta, go gcomhlíonann gnóthas tionscail na ceanglais iomchuí, féadfaidh an Gníomhaireacht, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnefidh sí, as airgead a bheidh faoina réir, iasacht a thabhairt—

- (a) do ghnóthas tionscail, nó
 - (b) do chomhlacht corpraithe ar leis an gnóthas nó a rialaíonn nó a bhainistíonn an gnóthas nó atá rannpháirteach in úinéireacht, rialú nó bainistiú an ghnóthais.
- (2) Ní chaithfidh an Gníomhaireacht, gan cead roimh ré ón Rialtas, níos mó ná €7,500,000 ar iasacht nó sraith iasachtaí a sholáthar d’aon ghnóthas tionscail áirithe amháin nó d’aon chomhlacht corpraithe áirithe amháin faoin alt seo. Féadfar tosaíocht a thabhairt do ghnóthais tionscail nó do chomhlachtaí corpraithe atá suite i gcontaetha na teorann arb iad contaetha Lú, an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Mhuineacháin agus Shligigh iad.
- (3) (a) San alt seo, ciallaíonn ‘iasacht’ iasacht nach bhfuil inchomhshóite ina scaireanna i gcomhlacht corpraithe.
- (b) San alt seo agus in alt 7B, ciallaíonn ‘ceanglais iomchuí’, i ndáil le gnóthas tionscail, na ceanglais a shonraítear i bhfo-ailt (3) agus (4) d’alt 21 d’Acht 1986.
- (c) San alt seo agus in ailt 7B agus 7C, tá le ‘gnóthas tionscail’ an bhrí chéanna atá leis in alt 8.
- (4) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta, agus ní alt é in ionad, aon chumhacht eile de chuid na Gníomhaireachta chun airgead a thabhairt ar iasacht leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995 nó le haon achtachán eile, nó fúthu.

Cumhacht na Gníomhaireachta chun scaireanna a cheannach etc.

- 7B. (1) Faoi réir an ailt seo, más rud é, i dtuairim na Gníomhaireachta, go gcomhlíonann gnóthas tionscail na ceanglais iomchuí, féadfaidh an Gníomhaireacht, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnefidh sí—
- (a) scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite a cheannach nó a thógáil, go feadh aon mhéid is inmhianaithe léi, sa chomhlacht corpraithe ar leis gnóthas tionscail den sórt sin nó a rialaíonn nó a bhainistíonn gnóthas tionscail den sórt sin nó atá rannpháirteach in úinéireacht, rialú nó bainistiú gnóthais tionscail den sórt sin, nó
 - (b) comhlachtaí corpraithe den sórt sin a fhoirmiú, nó a bheith páirteach le daoine eile ina bhfoirmiú.

- (c) féadfar tosaíocht a thabhairt do ghnóthais tionscail nó do chomhlachtaí corpraithe atá suite i gcontaetha na teorann, arb iad contaetha Lú, an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Mhuineacháin agus Shligigh iad.
- (2) Ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht, gan ceadú roimh ré ón Aire, scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite a cheannach ná a thógáil faoin alt seo más rud é, dá ndéanfaí amhlaidh, go mbeadh de thoradh air, tar éis di scaireanna nó ionstraim nó ionstraimí féich a chomhshó, go sealbhódh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas nó go mbeadh sé de cheart ag an nGníomhaireacht an méid seo a leanas a shealbhú—
- (a) níos mó ná leath, i luach ainmniúil, de scairchaipiteal cothromais (de réir bhrí alt 7(11) d'Acht na gCuideachtaí, 2014) comhlachta corpraithe, nó
- (b) níos mó ná leath, i luach ainmniúil, de scaireanna lena ngabhann cearta vótála (seachas cearta vótála nach n-éiríonn ach amháin in imthosca sonraithe) i gcomhlacht corpraithe.
- (3) Ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht, gan cead roimh ré ón Rialtas, an tsuim is airde de na suimeanna seo a leanas a chaitheamh sa chomhiomlán ar scaireanna nó ar ionstraimí féich inchomhshóite a cheannach nó a thógáil in aon chomhlacht corpraithe áirithe amháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a)—
- (a) €7,500,000, nó
- (b) €7,500,000 de bhreis ar mhéid comhiomlán an chaiteachais sin a bhfuarthas cead roimh ré ón Rialtas cheana féin ina leith.
- (4) I gcás go mbeidh scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite ceannaithe nó tógtha cheana féin, nó á gceannach nó á dtógáil, ag an nGníomhaireacht i gcomhlacht corpraithe (dá ngairtear an 'comhlacht corpraithe iomchuí' san fho-alt seo) de réir fho-alt (1), féadfaidh an Ghníomhaireacht, gan gá a bheith ann comhlíonadh breise na gceanglas iomchuí a dheimhniú di féin agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sí—
- (a) scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite breise sa chomhlacht corpraithe iomchuí nó i gcomhlacht corpraithe eile a cheannach, a thógáil nó a fháil le linn cearta réamhcheannaigh nó cearta eile a fheidhmiú i leith, nó de dhroim, scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite sa chomhlacht corpraithe iomchuí a aistriú nó a shealbhú nó scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite nua sa chomhlacht corpraithe iomchuí a eisiúint,
- (b) scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite a cheannach, a thógáil nó a fháil i gcomhlacht corpraithe eile ag a bhfuil scairshealbhóirí agus stiúrthóirí is coiteann don chomhlacht corpraithe iomchuí, i gcás gur bunaíodh an comhlacht corpraithe eile nó go bhfuil sé á bhunú chun cearta maoine intleachtúla nó sócmhainní eile arna sealbhú nó arna gcruthú ag an gcomhlacht corpraithe iomchuí a shealbhú,
- (c) i gcás ina mbeartaíonn an Ghníomhaireacht na scaireanna nó na hionstraimí féich inchomhshóite atá aici sa chomhlacht corpraithe iomchuí a dhíol le comhlacht corpraithe eile, scaireanna nó ionstraimí

féich inchomhshóite sa chomhlacht corpraithe eile sin a ghlacadh mar chomaoin iomlán nó mar pháirtchomaoin i leith na scaireanna nó na n-ionstraimí féich inchomhshóite atá ar díol, nó

- (d) na scaireanna inchomhshóite nó na hionstraimí féich inchomhshóite atá aici sa chomhlacht corpraithe iomchuí nó i gcomhlacht corpraithe eile a chomhshó.

(5) San alt seo—

ciallaíonn ‘ionstraim féich inchomhshóite’ nóta iasachta, stoc iasachta nó ionstraim airgeadais eile chun maoiniú iasachta a sholáthar, is maoiniú iasachta—

- (a) a thairg comhlacht corpraithe don Ghníomhaireacht nó a d’eisigh comhlacht corpraithe chuici nó a fhéadfaidh comhlacht corpraithe a thairiscint di nó a eisiúint chuici,

- (b) atá inchomhshóite ina scaireanna sa chomhlacht corpraithe, agus

- (c) atá inaisíoctha nó infhuascailte ar éileamh ag an nGníomhaireacht nó ar shlí eile de réir théarmaí na hionstraime féich inchomhshóite sin;

ciallaíonn ‘scaireanna inchomhshóite’ scaireanna atá inchomhshóite ina scaireanna de chineál eile sa chomhlacht corpraithe céanna;

folaíonn ‘scaireanna’ scaireanna inchomhshóite agus, i gcás go n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh, rogha nó ionstraim eile lena dtugtar ceart chun scaireanna a fháil nó chun suibscríobh le haghaidh scaireanna.

Teorainn chomhiomlán le cúnamh infheistíochta

7C. Gan cead roimh ré ón Rialtas, ní rachaidh méid iomlán an airgid—

- (a) a dheonófar nó a ráthófar do ghnóthas tionscail áirithe faoi ailt 21 go 30 d’Acht 1986, nó
- (b) a chaithfear sa ghnóthas céanna sin nó sa chomhlacht corpraithe céanna sin ar iasacht a thabhairt faoi alt 7A nó ar scaireanna nó ionstraimí féich inchomhshóite a cheannach nó a thógáil faoi alt 7B,

thar, sa chomhiomlán, an tsuim is airde de na suimeanna seo a leanas—

- (i) €15,000,000, nó
- (ii) €15,000,000 de bhreis ar mhéid comhiomlán na ndéontas, na ráthaíochtaí, na n-infheistíochtaí agus na saoráidí airgeadais eile sin a bhfuarthas cead roimh ré ón Rialtas cheana féin ina leith.

Feidhm forálacha áirithe de Chuid III d’Acht 1986

7D. Beidh feidhm ag ailt 35 go 37 d’Acht 1986 maidir le hailt 7A go 7C amhail is—

- (a) in alt 35—

- (i) dá gcuirfí ‘den Chuid seo nó faoi ailt 7A go 7C d’Acht 1998’ in ionad ‘den Chuid seo’,

- (ii) dá gcuirfí ‘iasacht nó ráthaíocht iasachta nó suibscríobh le haghaidh ionstraim féich inchomhshóite de réir bhrí alt 7B d’Acht 1998’ in ionad ‘ráthaíocht iasachta’,
 - (iii) dá gcuirfí ‘i leith an deontais, na hiasachta, na ráthaíochta, an tsuibscríofa nó an cheannaigh’ in ionad ‘i leith an deontais, na ráthaíochta nó an cheannaigh’, agus
 - (iv) dá gcuirfí ‘don Údarás nó d’Fhiontraíocht Éireann’ in ionad ‘don Údarás’,
- (b) in alt 36—
- (i) dá gcuirfí ‘deontas nó íocaíocht eile a thabhairt nó chun ceart eile a fheidhmiú’ in ionad ‘deontas nó íocaíocht eile a thabhairt’,
 - (ii) dá gcuirfí ‘faoi gCuid seo nó faoi ailt 7A go 7C d’Acht 1998,’ in ionad ‘faoi gCuid seo,’ agus dá gcuirfí ‘faoi réir fhorálacha na Coda seo agus ailt 7A go 7C d’Acht 1998,’ in ionad ‘faoi réir fhorálacha na Coda seo,’ agus
 - (iii) dá gcuirfí ‘luach sócmhainní gnóthais tionscail nó comhlachta chorpraithe, de réir mar a bheidh,’ in ionad ‘luach sócmhainní gnóthais tionscail’, dá gcuirfí ‘leis an ngnóthas tionscail sin nó leis an gcomhlacht corpraithe sin, de réir mar a bheidh,’ in ionad ‘leis an ngnóthas sin’ agus dá gcuirfí ‘a fuair an gnóthas tionscail sin nó an comhlacht corpraithe sin, de réir mar a bheidh, nó is infhaighte ag an ngnóthas tionscail sin nó ag an gcomhlacht corpraithe sin, de réir mar a bheidh,’ in ionad ‘a fuair sé nó is infhaighte aige’,
- agus
- (c) in alt 37—
- (i) dá gcuirfí an leagan cuí gramadaí de ‘deontas, iasacht, suibscríobh’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de ‘deontas’ gach áit a bhfuil sé, agus
 - (ii) dá gcuirfí ‘faoi gCuid seo nó faoi ailt 7A go 7C d’Acht 1998,’ in ionad ‘faoi gCuid seo,’
- agus fara aon mhodhnuithe eile is gá.”.

Leasú ar an Acht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair, 2012

4. Leasaítear an tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair, 2012, i bhfo-alt (2) d’alt 5, trí “€25 mhilliún” a chur in ionad “€15 mhilliún”.

Aisghairm

5. Aisghairtear Cuid 3 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

6. (1) Féadfar an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2019 a ghairm den Acht seo.

- (2) Folófar an tAcht seo, seachas *alt 4*, sa chomhlua, na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 2019.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla, agus le haghaidh aisghairm forálacha éagsúla de Chuid 3 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019, a dhéantar le *halt 5*.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6887-4



9 781446 868874